# Leanaí i dTeach na mBocht

LEAN MARY FIELDING



# Séanadh

Cuireadh an leabhar oibre seo le chéile chun cabhrú le léitheoirí óga foghlaim faoi chuid an-tábhachtach dár stair. Tá sé bunaithe ar thaighde stairiúil agus ar thaifid a bhaineann le tithe na mbocht in Éirinn agus is ar mhaithe le cúrsaí oideachais agus scéalaíochta amháin atá sé. Tugann cuid de na topaicí a phléitear léargas ar an gcruatan saoil a d'fhulaing daoine san am a chuaigh thart. Tá siad seo curtha i láthair ar bhealach tuisceanach atá oiriúnach don aois ionas go dtuigfidh an léitheoir óg iad agus go spreagfaidh siad comhbhá agus plé. Cé go bhfuil gach iarracht déanta a chinntiú go bhfuil an t-eolas cruinn, níl sé mar aidhm ag an leabhar cuntas iomlán nó críochnúil a thabhairt ar imeachtaí stairiúla nó ar shaol aon duine aonair.

Ní féidir leis an údar, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Ionad Thithe na mBocht na hÉireann ná na heagraíochtaí a thug cúnamh a bheith freagrach as an mbrí nó as an úsáid a bhainfear as an eolas. Agus an leabhar á mhaisiú baineadh úsáid as AI chun coincheapa agus an leagan amach a chruthú. Sheiceáil an dearthóir grafach na híomhánna deiridh agus chuir sí bailchríoch orthu. Baineadh úsáid as grianghrafadóireacht stoic agus íomhánna as foinse oscailte agus an leabhar oibre seo á dhearadh.

Leanaí i dTeach na mBocht /Children in the workhouse

**Téacs/Text:** Dr Gerard Moran

**Dearadh grafach/Graphic design:** Sara Nylund

**Profáil/Proofreading:** Marianne ten Cate

**Aistriúchán/Translation:** Europus

**Arna cur i gCló ag/Printing:** KPW Print Management (Ballinasloe)

**Foireann an Togra/Project Team:** An Dr/Dr Gerard Moran, An Dr/Dr Christy Cunniffe and Marie Mannion/ Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe/ Heritage Officer, Galway County Council

**Bainisteoir tionscadail/Project Manager**: Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe /Heritage Officer, Galway County Council

Tacaíocht riaracháin/ Administrative Support: An tAonad Cuimhneacháin/Commemorations Unit, An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt/Department of Culture, Communications and Sport, Ita Gordon, Gina O'Shaughnessy, Martina Creaven and Anne Power, Comhairle Chontae na Gaillimhe/Galway County Council

**Cúnamh Faighte/ Assistance provided:** Ann Hodgins, Martin Shiels, Donal Burke and all the staff of the Irish Workhouse Centre Portumna.

Arna mhaoiniú ag/Funded by: An tAonad Cuimhneacháin/Commemorations Unit, An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt/Department of Culture, Communications and Sport agus/ and Comhairle Chontae na Gaillimhe/Galway County Council

ISBN: 978-1-913449-31-5

© Dr Gerard Moran & Comhairle Chontae na Gaillimhe/Galway County Council

Gach ceart ar cosaint. Níl cead páirt ar bith den leabhar seo a atáirgeadh ná a sheoladh ar chuma ar bith ná ar bhealach ar bith, leictreonach ná meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh ná córas ar bith don stóráil agus don aimsiú faisnéise, mura mbíonn cead i scríbhinn chuige sin ón údar, taobh amuigh de shleachta gairide a lua i léirmheas. Séanadh: Cé go ndearnadh gach dícheall an cruinneas a chinntiú agus an foilseachán seo á chur i dtoll a chéile, ní féidir leis na heagarthóirí ná leis an bhfoilsitheoir glacadh le freagracht as aon earráid, easnamh ná míchruinneas. Is de mheon macánta a ghlactar le heolas agus a dhéantar a fhoilsiú.

No part of this book may be reproduced or transmitted in any form or by any means, electronic or mechanical, including photocopying, recording or by any information storage and retrieval system, without written permission from the author, except for the inclusion of brief quotations in a review. Whilst every care has been taken to ensure accuracy in the compilation of this publication, neither the editors or publisher can accept responsibility for errors, omissions or inaccuracies. All information is received and published in good faith. All rights reserved.


An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture, Communications and Sport

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

# Ábhar


| | |
|---|---|
| CAIBIDIL 1 - Chlis ar na Fataí | 8 |
| CAIBIDIL  2 - Tús le Tithe na mBocht | 10 |
| CAIBIDIL 3 - Teach na mBocht | 12 |
| CAIBIDIL 4 - An Bord Bardachta | 14 |
| CAIBIDIL 5 - Cistí do Thithe na mBocht | 16 |
| CAIBIDIL 6 - Foireann Theach na mBocht | 18 |
| CAIBIDIL 7 - Rialacha Theach na mBocht | 20 |
| CAIBIDIL 8 - Cúrsaí Smachta | 22 |
| CAIBIDIL 9 - Bia | 24 |
| CAIBIDIL 10 - ’47 an Bhróin | 26 |
| CAIBIDIL 11 - Tithe cúnta (breise) na mbocht | 28 |
| CAIBIDIL 12 - Obair i dTithe na mBocht | 30 |
| CAIBIDIL 13 - An Scoil | 32 |
| CAIBIDIL 14 - Traenáil i dteach na mbocht | 34 |
| CAIBIDIL 15 - Cúrsaí Creidimh | 36 |
| CAIBIDIL 16 - Toradh theach na mbocht ar na leanaí | 38 |
| CAIBIDIL 17 - Leanaí agus Eisimirce | 40 |
| CAIBIDIL 18 - Tinneas i dteach na mbocht | 42 |
| CAIBIDIL 19 -  Bás i dteach na mbocht | 44 |
| CAIBIDIL 20 - Saol na leanaí tar éis teacht amach as teach na mbocht | 46 |
| Tascanna | 48 |
| Tráth na gceist | 49 |
| Tóraíocht focal | 51 |
| Sceitseáil tráthchlár bhlianta an ghorta mhóir | 52 |
| Gluais | 53 |


1838 Tháinig Dlí na mBocht i bhfeidhm
1840 Osclaíodh an chéad Teach na mBocht
1841 Osclaíodh Teach na mBocht ar an nGort, Co. na Gaillimhe
1842 Osclaíodh Teach na mBocht i mBéal Átha na Sluaighe
1845 An chéad tuairisc ar an dúchan ar na fataí
1846 Fataí ar fud na hÉireann curtha ó mhaith ag an dúchan
1847 Chuir an Rialtas deireadh le scéim na n-oibreacha poiblí
1847 Achtaíodh Clásal an Cheathrú Acra
1847 Tháinig ardú ar líon na ndaoine i dtithe na mbocht
1848 Cailíní dílleachta á seoladh chun na hAstrálle
1849 Osclaíodh tithe na mbocht cúnta i mBéal Átha na Sluaighe
1850 Socraíodh tithe na mbocht nua a oscailt
1852 Osclaíodh teach na mbocht i bPort Omna
Ísliú ar líon na mbochtán i dtithe na mbocht

# Páistí i dTeach na mBocht

Le linn an Ghorta Mhóir, bhí na mílte páiste in Éirinn ag fulaingt ón ocras, ón bhfaitíos agus ón gcumha. Chríochnaigh go leor acu suas i dteach na mbocht, na hinstitiúidí móra seo a bhunaigh an rialtas chun fóirithint ar dhaoine a bhí bocht, ocrach nó gan dídean.

I gcás na bpáistí, bhí an saol i dteach na mbocht dian agus an-difriúil ón mbaile. Bhí teaghlaigh scartha. Bhí bia gann. Bhí an lá faoi smacht ag an gclog, ag na rialacha agus ag na gnáthaimh. Cé go raibh sé i gceist go mbeadh faoiseamh le fáil i dteach na mbocht, ba mhinice ná a mhalairt gur áiteanna lán de chruatan, tinneas agus brón a bhí iontu, go háirithe i rith na mblianta ba mheasa den Ghorta Mór. Cuireann an leabhrán seo síos ar an saol a bhí ag páistí i dtithe na mbocht Chontae na Gaillimhe. Mínítear an fáth ar tógadh tithe na mbocht, an sórt saoil a bhí ag na páistí iontu ó lá go lá agus an tionchar a d'imir an Gorta Mór ar a saol. I rith an ama beidh tú ag léamh fíorfhianaise stairiúil — tuairiscí as nuachtáin, taifid oifigiúla agus cuntais a thug daoine a bhí ann ag an am — mar go gcabhraíonn siad seo linn an méid a tharla a thuiscint.

**Chuaigh go leor páistí isteach i dteach na mbocht agus gan a fhios acu an raibh sé i ndán dóibh filleadh abhaile go deo.**

# Céard é an Gorta Mór?

Idir **1845 agus 1852**, d'fhulaing Éire ceann de na tubaistí ba mhó a tharla riamh i stair na tíre. Nuair a chlis ar na fataí, an príomhbhia a bhí ag formhór na ndaoine, is é an toradh a bhí air ná ocras agus galar. Fuair breis agus milliún duine bás, agus bhí na milliúin eile arbh éigean dóibh Éire a fhágáil.

Bhí na páistí ar chuid den dream ba mheasa a bhí buailte. Chuir an t-ocras isteach ar a bhfás, ar a sláinte agus a n-oideachas, agus fágadh go leor acu gan tuismitheoirí ná baile. Níor fhead cuid mhaith acu dídean a fháil in áit ar bith seachas i dteach na mbocht. Sna leathanaigh ina dhiaidh seo, déanfaidh tú staidéar ar an stair seo trí shúile na bpáistí.

# Cérbh í Mary Fielding?

Leanann an leabhrán scéal **Mary Fielding** le tuiscint a thabhairt duit ar an saol a bhí ag leanaí i dteach na mbocht.

Is **carachtar ficseanúil** í Mary Fielding, ach tá a scéal bunaithe ar an saol a bhí ag na mílte páiste a bhí ina gcónaí i dtithe na mbocht i gContae na Gaillimhe le linn na Ghorta Mhóir. Aon rud a tharla do Mary, na rialacha a chaitheadh sí a leanúint, an bia a d’itheadh sí, an obair a bhíodh le déanamh aici, agus an faitíos a bhíodh uirthi, tá sé ar fad bunaithe ar an méid atá ar eolas ag staraithe ó thaifid agus ó chuntais na bhfinné súl.

Agus í ina páiste bhí Mary ag maireachtáil i **dteach na mbocht Bhéal Átha na Sluaighe** agus ina dhiaidh sin i **dteach na mbocht Phort Omna**. Trína scéal, gheobhaidh tú amach cén chaoi a mbeadh sé a bheith ag fás aníos i dteach na mbocht i dtréimhse nach bhféadfá fiú talamh slán a dhéanamh de go mairfeá beo.

**D’fhéadfadh go raibh an saol a bhí cuid mhaith páistí i nGaillimh le linn an Ghorta Mhóir díreach ar nós an saol a bhí ag Mary sa scéal seo.**

# An chaoi leis an leabhar seo a úsáid

Leagadh an leabhar seo amach le cúnamh a thabhairt duit:

- foghlaim faoin stair **ó fhíorfhianaise agus ó scéalta pearsanta**
- tuiscint a fháil ar an tionchar a bhí ag an mbochtaineacht agus ag an ocras ar pháistí
- smaoineamh go criticiúil trí cheisteanna **‘Smaoinigh’** a fhreagairt
- ceangal a dhéanamh idir an t-am atá thart agus saol an lae inniu

Iarrfar ort a bheith ag smaoineamh agus ag plé, agus ag tabhairt faoi thaighde agus scríbhneoireacht. B’fhéidir go mbeidh cuid de na ceisteanna deacair duit, díreach mar a bhí saol na bpáistí san am a chuaigh thart deacair. Ná bíodh aon deifir ort. Tá níos mó ag baint leis an stair ná fíricí; baineann sé freisin le tuiscint a fháil ar dhaoine.

# Chlis ar na fataí



Nuair a chlis ar na fataí sa bhliain 1845, bhí níos mó ná ocht milliún duine ina gcónaí ar oileán na hÉireann; 3.6 milliún faoi bhun seacht mbliana déag d'aois. Ar fheirmeacha beaga a mhair mórchuid na ndaoine agus gabháltais bheaga talún ar cíos acu ina gcuiridís fataí, an príomhfhoinse cothúcháin acu.

**Bhí níos mó ná 40 faoin gcéad den daonra ag brath ar an bhfata maidir le maireachtáil.**

Tharla blianta cheana ar chlis ar na fataí, ach níor chúis mhór imní do theaghlaigh sin nuair a ghlacaidís leis go mbeadh neart arís acu an bhliain dár gcionn.


Tharlaíodh ganntanas gach bliain ar aon chuma nuair a bhíodh na seanfhataí ídithe faoi Bhealtaine agus gan na fataí nua le baint go dtí mí Lúnasa.

'**Ráithe an Ocrais**' a luaití leis an tréimhse sin. In am an ghátair, d'fhéad daoine déirce a lorg, brath ar eagrais a chuireadh fóirithint orthu nó dul isteach i dTeach na mBocht i mBéal Átha na Sluaighe a d'oscail i mí Eanáir 1842 agus arbh ann a bhí cónaí ar Mary Fielding. I gceantar Phort Omna a rugadh ise. Sa bhliain 1852, aistríodh Mary, in éineacht le leanaí eile, go dtí Teach na mBocht i bPort Omna, a bhí tar éis oscailt.

Chlis ar na fataí bliain i ndiaidh bliana idir 1845 agus 1852, tréimhse ar a dtugtar 'Aimsir an Drochshaoil' nó **'an Gorta Mór'**.


Dúchan deireanach

*(Phytophthora infestans)*



## SMAOINIGH

1. Céard é dúchan na bhfataí?
2. Faigh amach an chaoi a ndéileáiltear le dúchan sa lá atá inniu ann.
3. Tuige an dtugtaí 'Ráithe an Ocrais' ar mhí Bealtaine, mí Meithimh agus mí Iúil?
4. Faigh amach cá bhfuil gorta ag tarlú sa lá atá inniu ann agus na cúise anna atá leo.



"Is mór an t-ábhar buartha againn tuairiscí léanmhara a chloisteáil as beagnach gach ceantar sa dúiche seo. Na fataí a raibh caoi mhaith orthu nuair a cuireadh i stórtha iad nó i bpoill, feictear anois go bhfuil siad ag dul ó mhaith; leath an fhata lofa i gcásanna áirithe ionas nach bhfuil aon mhaith fanta iontu."

TIPPERARY VINDICATOR

"Tá cuid mhór fataí, ar a scrúdú, atá gan mhaith. Tá an scéal céanna chomh fairsing go gcloistear roinnt a bhfuil eolas maith acu ar na cúrsaí seo ... a deir gur mór é a n-imní nach mbeidh oiread is fata amháin den rath ar fud an chontae seo faoi cheann míosa nó dhó."

MAYO CONSTITUTION



# Tús le Tithe na mBocht

Osclaíodh Tithe na mBocht chun daoine a thógáil isteach a bhí ríbhocht (dearóil), agus gan aon áit eile acu a dtiocfaidís ann.



Bhí 130 teach na mbocht ar fud na tíre agus sé cinn acu i gContae na Gaillimhe a bhí in ann freastal ar 100,000 duine. Ar an nGort a osclaíodh an chéad Teach na mBocht i gContae na Gaillimhe i mí na Nollag 1841 agus spás ann do 500 duine, ar a dtugtaí bochtáin nó áitritheoirí.

**Dhéanadh teach na mbocht i mBéal Átha na Sluaighe cóiriú do 1,000 bochtán.**

Ní bhíodh fonn ar dhaoine dul isteach i dteach na mbocht mar gheall gur mheasa an saol iontu ná mar a bhí taobh amuigh. Áras gruama cloiche a bhíodh ann agus claí mór ard timpeall air.

Bhíodh an teaghlach á scaradh ó chéile i dteach na mbocht: chuirtí na fir ar bharda amháin agus na mná ar bharda eile, leanaí idir dhá bhliain d'aois agus naoi mbliana sa naíolann agus dheighiltí buachaillí agus cailíní a bhí idir deich mbliana d'aois agus cúig bhliana déag óna chéile i suanliosanna faoi leith freisin.

D'fhanadh páistí suas le dhá bhliain d'aois lena máthair ach is ríbheag an caidreamh a bhíodh ag tuismitheoirí le leanaí níos sine dá gcuid i dteach na mbocht. Leagadh síos rialacha i dteach na mbocht d'fhonn tuismitheoirí a choinneáil ó chaint lena gcuid leanaí mar gur síleadh go stopfaí, ar an gcuma sin, na leanaí ó bheith ina mbochtáin freisin nuair a bheidís ina ndaoine fásta. Ó tharla go raibh Mary Fielding deich mbliana d'aois, ar bharda na gcailíní a bhí sise.

## SMAOINIGH

1. An dóigh leat go raibh dóthain áiteanna i dteach na mbocht i mBéal Átha na Sluaighe do na daoine a bhí ríbhocht?
2. An bhfuil tú in ann smaoineamh ar chúiseanna a bheadh le teaghlach a scaradh óna chéile nuair a chuaigh siad isteach i dteach na mbocht?
3. Cé mar a thaitneodh leatsa dá ndéanfaí thú a scaradh ón gcuid eile den teaghlach i dteach na mbocht?
4. Céard a thugann seo le fios dúinn faoi chás na ndaoine a bhí bocht dearóil an t-am sin?
5. An bhfuil tú in ann smaoineamh ar chúiseanna nach mbíodh fonn ar dhaoine dul isteach i dteach na mbocht?



"Ó cuireadh an Tuarascáil roimhe seo ar fáil, tá teach na mbocht oscailte ag Bardaigh na nAontas i dTuaim, ar an gCaisleán Riabhach, i gCathair Saidhbhín agus ar an gClochán, ar mhaithe le fóirithint ar na bochtáin agus tá ráta á ghearradh ag Aontas an Chlocháin. Tá gach ceann de thithe na mbocht in Éirinn oscailte dá réir sin le fóirithint ar na bochtáin agus níl aontas ar bith nach bhfuil ráta á ghearradh ann."

TUARASCÁIL CHOIMISINÉIRÍ DHLÍ NA MBOCHT, 1847

"1,080 bochtán atá sa teach seo faoi láthair ach ligeadh an 434 deireanach acu sin isteach faoi oiread deifir agus nach bhfuil éadach leapa ná éadaí ann dóibh. Is é is dóiche go dtarlóidh bás líon uafásach de na daoine a ligeadh isteach. Slua suarach de leanaí ainnise a chruinnigh i seomra na leanaí, gach comhartha ar shuáilce agus ar shó na hóige scuabtha chun bealaigh, gan le feiceáil ina n-éadan ach laige agus crá, dreach aoise orthu de bharr an ocrais agus an fhuachta, a gcuid éadaigh stróicthe salach. Bíonn siad roinnt uaireanta a chloig gach lá sa seomra ranga, díomhaoin gan tada le déanamh ná aon ábhar dóchais acu.

JOSEPH CROSSFIELD



Áit ina mbítí ag codladh i dteach na mbocht tréigthe; tabhair faoi deara na hardáin ar gach taobh den phasáiste áit a mbíodh na mataí tuí. Foinse: Adobe Stock


# Teach na mBocht

Áit fhuar ghruama a bhí i dteach na mbocht, na ballaí cloiche lom ann. Fiú amháin na príomhsheomraí agus na suanleasa, bhí siad uile fuar. Baineadh úsáid as an ábhar ba shaoire agus ní raibh cuimhne ar chóiriú ná maisiú.

Tógadh gach ceann de thithe na mbocht de réir an aon phlean amháin; saoirseacht aolchloiche a bhí sna ballaí agus aoldath gan aon phláistéireacht a cuireadh ar na ballaí taobh istigh. Moirtéal cré a bhí san urlár, ábhar fuar. Áras lom folamh gan ann ach na nithe ba bhunúsaí.

Bhí na bardaí fairsing, na ballaí gan phláistéireacht agus na bochtáin ag breathnú suas ar na rachtaí toisc nach raibh aon tsíleáil ann. Ní raibh leapacha sna bardaí ach na bochtáin ina gcodladh ar shoipeacháin a scaiptí ar fud ardáin. Bhíodh dhá ardán ann agus pasáiste eatarthu. Socraíodh ar an gcaoi sin iad ionas go mbeadh spás codlata ann do dhá oiread daoine.

**Leagan amach samplach de theach na mbocht**



Bhíodh staighre géar cúng cloiche go dtí na bardaí. Ní bhíodh de theas ann ach a dtagadh ó thine oscailte móna. D'ití béilí ag boird fhada adhmaid. Ní raibh aon deis leithris sa suanlios ach dhá dhabhach mhóra i ngach barda a mbíodh boladh bréan i gcónaí uathu, agus sin níos measa de cheal sruth maith aeir. Ar na buachaillí níos sine ná naoi mbliana d'aois a bhíodh sé na dabhcha sin a fholmhú. Tuairiscítear go mbíodh tithe na mbocht brocach salach i gcónaí.



## SMAOINIGH

1. Tuige, an dóigh leat, an é an t-ábhar ba shaoire a mbaintí úsáid as do thithe na mbocht?
2. Cé na gnéithe is lú a thaitneodh leat féin faoi theach na mbocht agus an bhfuil aon ghné a thaitneodh leat?
3. Tabhair cuntas ar na leithris agus ar na deacrachtaí a tháinig dá mbarr.
4. An bhfuil aon bhealach ina bhféadfaí feabhas a bheith curtha ar thithe na mbocht do na bochtáin?
5. Tabhair cuntas ar a mbraitheadh leanbh ar dhul isteach i dteach na mbocht nuair a scartaí óna thuismitheoirí é agus ón gcuid eile den chlann.



"Beidh an foirgneamh ó thaobh a chuma ar an gcineál is saoire agus is seasmhaí is féidir agus féachtar lena bheith simplí, cuimseach, dea-shocraithe agus le haon ní nach mbeadh i gceist leis ach maisiú a sheachaint."


TUARASCÁIL CHOIMISINÉIRÍ DHLÍ NA MBOCHT, 1839

"Thugamar cuairt ar theach na mbocht sna Gleannta, áit atá in anchaoi; is é fírinne an scéil go bhfuil na daoine leathghléasta agus ag fáil bháis den ocras. Aon bhéile amháin a bhí acu an lá roimh ré, min choirce agus uisce, agus faoin tráth ar thángamar ar cuairt, ní raibh dóthain bia sa teach le soláthar do bhéile an lá sin. Is dodhéanta dul sna seomraí de bharr brocamais."

JAMES HACK TUKE

# An Bord Bardachta

Bardaigh a tugadh ar na daoine a bhí i gceannas ar Dhlí na mBocht agus ar thithe na mbocht. Thoghadh na daoine a d'íoc na rátaí (cáin), óna mbíodh cistí ar fáil le teach na mbocht a rith, na bardaigh gach bliain. Bhíodh bardaigh eile nach dtoghtaí ach a d'fheidhmíodh (ex officio) ina ngiúistísí. Ba ghá achar áirithe talún a bheith faoi úinéireacht duine sula bhféadfaí é a cheapadh ina bhardach. Ba ghnáth gurbh úinéirí talún, nó gníomhairí dá gcuid sin, iad nó feirmeoirí, siopadóirí nó ceannaithe.



*An Tiarna Clanricarde - Wikipedia commons*

Roghnaítí bardach amháin a bheadh ina Chathaoirleach ar na cruinnithe agus ba é Tiarna Chlanricarde, duine de na húinéirí talún ba mhó sa dúiche, an té sin i gcás Phort Omna. Shocraíodh na bardaigh an méid a bhíodh le híoc ag lucht íoctha rátaí maidir le teach na mbocht a choinneáil ag imeacht agus is iad a roghnaíodh foireann theach na mbocht.

Uair sa tseachtain a bhíodh cruinnithe acu go dtí gur chlis ar na fataí agus gur theastaigh cruinnithe níos minice, uaireanta ceithre nó cúig cinn de chruinnithe sa tseachtain, ag plé le gnóthaí theacht na mbocht, líon na ndaoine a bhí ag fáil bháis agus a bhí gan rud le hithe sa dúiche.



Bhí cuid mhór de na bardaigh ina gcónaí i bhfad ó theach na mbocht agus bhíodh sé deacair acusan cruinnithe a fhreastal go rialta. Is rí-annamh a tharla aon chaint ag na bochtáin i dteach na mbocht leis na bardaigh.

## SMAOINIGH

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí obair na mbardach?
2. Cén buntáiste agus míbhuntáiste a bhain le bardaigh a thoghadh?
3. Cé na deacrachtaí a bhain le foireann thithe na mbocht a bheith á roghnú ag na bardaigh?
4. Cén fáth a mbíodh bardaigh áirithe nach ndéanadh freastal ar mhórán cruinnithe?
5. Faigh amach cén chaoi a gcuirtear cistí ar fáil do chomhairlí contae an lae inniu agus más cóir nó éagórach mar chóras é.



"… i seomra boird theach na mbocht, bhuail fiabhras triúr de na bardaigh an t-aon lá amháin, agus tugadh faoi deara ina dhiaidh sin go raibh siadsan ina suí i gcoirnéal faoi leith den seomra a raibh sruth aeir ag dul tríd."

DUBLIN QUARTERLY JOURNAL OF MEDICAL SCIENCE

"Ós rud é go raibh an chumhacht chun faoiseamh a thabhairt ó na rátaí bochta teoranta de réir dlí do chóiríocht i dtithe na mbocht, ní fhéadfaí brath ar an gcumhacht sin ach go pointe beag chun faoiseamh a thabhairt do na daoine ó bhochtaineacht."

TUARASCÁIL CHOIMISINÉIRÍ DHLÍ NA MBOCHT, 1846



*Teach na mBocht Phort Omna - Wikipedia commons*

# Cistí do Thithe na mBocht

Ó na rátaí a bhí le híoc ag lucht sealúis, de réir luach na talún a bhí ina seilbh, a cuireadh cistí ar fáil do theach na mbocht. Ní ghearrtaí rátaí ar fheirmeoirí ar feirmeacha beaga a bhí acu. Chruthaigh sin deacrachtaí cistíochta ag tithe na mbocht sna ceantair ba bhoichte in Éirinn. Nuair a chlis ar na fataí agus nuair a tháinig ardú ar líon na mbochtán ag teacht isteach i dteach na mbocht, theastaigh níos mó airgid le cúram a dhéanamh díbh sin i dteach na mbocht. Nuair a bhí sé deacair ag lucht a n-íoctha na rátaí a íoc, ní raibh aon fhonn orthu níos mó airgid a íoc.

**Bhí cuid mhór a dhiúltaigh a gcuid rátaí a íoc.**

D'fhág sin go raibh sé deacair ag tithe na mbocht bia agus aire a chur ar fáil do leithéid Mary Fielding agus do bhochtáin eile i dtithe na mbocht. Ba mhinic go mbíodh ar lucht an údaráis póilíní a chur amach ag brú ar dhaoine na rátaí a bhí dlite a íoc.



Bhí tithe na mbocht in áiteanna éagsúla ag brath ar thiarna talún an cheantair íoc ar an mbia a bhí de dhíth, ach ní raibh siadsan in acmhainn sin a dhéanamh ar feadh tréimhse fada ach oiread. Bhí airgead á chur ar fáil freisin ag an British Relief Association do roinnt de thithe na mbocht is mó a bhí ina chall. Murach sin, bheadh orthu dúnadh agus na bochtáin a chur amach ar an mbóthar.

## SMAOINIGH

1. An dóigh leat gur córas cothrom a bhí ann nuair a bhí ar dhaoine íoc ar bhochtáin i dteach na mbocht a bheathú?
2. An bhfuil aon bhealach eile ina bhféadfaí cistí a chur ar fáil do thithe na mbocht?
3. Cén fáth nach mbeadh lucht íoctha rátaí sásta rátaí níos airde a íoc?
4. Cén chúis a bhí le drogall teach na mbocht a dhúnadh agus na bochtáin a chur amach?
5. Faigh amach cén chaoi a bhfaigheann daoine bochta cúnamh sa lá atá inniu ann.




"Chonaiceamar na céadta á chrágáil isteach ó cheantair tuaithe, le leanaí, cláiríníogh agus seandaoine ar dhroim asail. Bhí isteach is amach le 3,000 duine i gceist ag an am. Is é an t-iontas gur tháinig oiread sin de na hasail slán go dtí seo. Tá an baile mór faoi ghruaim agus faoi bhuaireamh. Ach níl sna daoine ocracha taobh amuigh de theach na mbocht ach cuid ríbheag den scéal. Is iomaí duine nár mhair sách fada le theacht go teach na mbocht ar chor ar bith. Níorbh fhéidir fóirithint ar na mílte a rinne bealach go teach na mbocht ag éileamh bia. Is iomaí duine a adhlacadh mar ar thit siad i laige."

JAMES HACK TUKE

"Bhí idir trí agus ceithre fichid de dhaoine dearóile ina sluaite ag na geataí, ag impí – gan aon mhaith ann dóibh – go ligfí isteach iad. Bhí fiabhras ar chuid mhór acu, daoine níos measa ná a chéile."

JAMES HACK TUKE



An Gorta; Mullins Hut, An Scoil, Co. Chorcaigh. Le caoinchead James Mahony 1847

# Foireann Theach na mBocht

D'fhostaíodh na boird bhardachta foireann i bun theach na mbocht a rith agus cóiriú do na bochtáin.




Bhíodh an **máistir** i gceannas ar gach gné den saol i dteach na mbocht. Bhíodh sé dian géar agus bhíodh scáth ar na bochtáin roimhe, fiú na daoine fásta. Chuireadh sé pionós ar bhochtáin a sháraigh rialacha theach na mbocht. Cuireadh bochtán amháin i gcillín mar gheall ar phluid de chuid theach na mbocht a stróiceadh. Tharla uaireanta go raibh an máistir ar meisce agus chuireadh sin faitíos ar na leanaí.




Bhí an **mátrún** i gceannas ar bhardaí na mban agus na gcailíní agus chuireadh sise pionós i bhfeidhm freisin nuair a sháraítí rialacha. Bhíodh roinnt de na mátrúin cineálta leis na leanaí ach bhíodh mátrúin eile crua gránna a d'fhágadh na bochtáin ciaptha cráite. Bhí mátrúin éagsúla i dteach na mbocht nuair a bhí Mary Fielding istigh: díbríodh roinnt acu agus bhí daoine eile a d'imigh le dul ag obair i dteach eile na mbocht.



I mbun cúrsaí riaracháin a bhíodh an **cléireach** agus is beag an chaint a tharlaíodh aige leis na bochtáin.



Bhíodh an **máistir scoile** i gceannas ar theagasc na mbuachaillí agus ba mhinic a chaitheadh sé go géar garbh leo.



Ba í an **mháistreás scoile** a mhúineadh na cailíní agus a ghearradh pionós orthu dá sáróidís aon cheann de na rialacha

Thagadh foireann theacht na mbocht in ionad na dtuismitheoirí ach ní raibh siad chomh báúil sin leis na leanaí ná chomh ceanúil sin orthu. Ní bhíodh i gceist acu ach freastal ar leibhéal bunúsach orthu, oiread agus a choinneodh beo iad.

## SMAOINIGH

1. Tuige an mbíodh an máistir agus an mátrún chomh fuarchroíoch leis na bochtáin, go háirithe leis na leanaí?
2. An mbeadh aon chúis le lua agat le hathrú a theacht chomh minic ar an té a bhí i bpost an mháistir nó an mhátrúin?
3. Tuige an mbeadh daoine ag iarraidh post an mháistir nó an mhátrúin i dteach na mbocht a bheith acu?
4. An dóigh leat go gcuidíodh aon duine den fhoireann leis na bochtáin agus tuige sin?
5. Scríobh cuntas ar bhochtán sa seomra ranga agus a mbeadh le feiceáil ag an mbochtán sin.



"San Aontas lena ais, Béal in Átha, ligeadh 200 níos mó isteach i dteach na mbocht ná an líon daoine is mó a bhí leagtha amach (1,200). Séanadh cead isteach ar na céadta, de cheal spáis, agus fuair 1,138 bás i dteach na mbocht; scuabadh oifigeach leighis theach na mbocht chun siúil chomh maith. I mBéal Átha na Sluaighe, Aontas eile atá ag síneadh leis an gceann seo, scuabadh oifigigh uile theach na mbocht agus d'éag 254 de na bochtáin i dteach na mbocht."

JAMES HACK TUKE

"Tá tithe na mbocht lán go doras agus daoine á ndíbirt gan aon fhaoiseamh i ndán dóibh. Ní féidir ligean don chás leanúint mar seo gan iarracht dáiríre a dhéanamh leigheas a fháil air. Tá an ráta báis i dteach na mbocht ag ardú go tréan, mar gheall ar chomh plódaithe agus atá na haontais agus mar gheall ar chomh tugtha traochta atá daoine cheana féin agus iad á ligean isteach."

HENRY LABOUCHERE

# Rialacha Theach na mBocht

Bhí rialacha dochta do dhaoine fásta agus do leanaí á gcur i bhfeidhm go géar i dteach na mbocht.

**Ghearrtaí pionós i gcás cionta acu seo a leanas:**

- **Foclaíocht áirithe a úsáid**
- **Masla nó tarcaisne**
- **Labhairt go míbhéasach le máistir nó mátrún**
- **Teip déanamh mar a d'ordaigh an fhoireann**
- **Diúltú obair a dhéanamh**
- **Éalú ó theach na mbocht**
- **Torann a dhéanamh nach raibh gá leis**
- **Cur isteach ar bhochtáin eile agus iad ag guí**
- **Tobac nó deoch mheisciúil a chaitheamh**
- **Cártaí a imirt**

Mheastaí go mbíodh gá le smacht agus riail láidir ar na bochtáin le hord a choinneáil i dteach na mbocht. Bhíodh rialacha níos géire i dtithe áirithe seachas a chéile, ag brath ar mheon agus ar mhodh oibre an mháistir nó an mhátrúin. Ghlaoití an rolla ag am bricfeasta féachaint cé a bhí i láthair agus cé a d'éalaigh as teach na mbocht i rith na hoíche. Deirtí paidreacha i rith am bricfeasta.



Bhíodh ar na daoine fásta agus ar na leanaí seasamh i líne ag am bia agus ní raibh cead cainte ag duine ar bith. Mheáití an bia ag am béile ionas go gcinntítí gurb é an méid a bhí dlite a d'fhaigheadh gach duine de na bochtáin.

I gcuid de thithe na mbocht, d'ití an bia de phláta adhmaid nó stáin, i gcuid eile, d'ití de chlár an bhoird é.

**Ní bhíodh cead isteach sa suanlios ag na bochtáin go dtagadh am codlata**

## SMAOINIGH

1. Cén riail ba ghéire, i do thuairim féin?
2. Tuige, an dóigh leat, a mbíodh oiread rialacha i gceist?
3. Cén fáth, i do thuairim féin, nach mbíodh cead cainte ag na bochtáin ag am béile?
4. Tuige a mbíodh an bia á mheá do gach bochtán?
5. Scríobh cuntas in alt amháin ar an tuairim a bheadh ag duine óg faoi rialacha theach na mbocht?



"Tuí shalach an easair a bhíodh faoi na bochtáin ina gcodladh dóibh, sraith shopacháin leagtha ar an urlár – suas le seisear brúite le chéile faoi phluid. Bhí an duine beo agus an té a bhí ag saothrú báis sínte le taobh a chéile faoin gceirt shuarach amháin."

JAMES HACK TUKE

"Chonaiceamar na céadta á chrágáil isteach ó cheantair tuaithe, le leanaí, cláirínigh agus seandaoine i gcléibh ar dhroim asail. Bhí isteach is amach le 3,000 duine i gceist ag an am.."

JAMES HACK TUKE



# Cúrsaí Smachta

Ghearrtaí pionós géar ar dhaoine fásta agus ar leanaí dá sáraídís rialacha theach na mbocht. D'imríodh foireann theach na mbocht pionós corpartha ar na leanaí i gcás cion tromchúiseach a dhéanamh. Thug máistir Theach na mBocht i nGleann na Madadh drochbhualadh do bheirt bhochtán óga mar gheall ar chionta éadroma. Bhíodh bealaí éagsúla ina ngearrtaí pionós ar na bochtáin a sháraíodh na rialacha:

- **shéantaí bia agus bainne orthu nó laghdaítí go mór an méid a d'fhaighidís, ag brath ar chineál an chiona;**
- **dá ndéantaí cion tromchúiseach, d'fhéadfaí duine a choinneáil i gcillín (braighdeanas aonair), gan mórán bia agus gan aon chomhluadar;**
- **dá dtarlaíodh mí-iompar tromchúiseach, tugtaí daoine os comhair cúirte (an Chúirt Ghearr) agus d'fhéadfaí téarma príosúnachta suas le ocht lá is fiche a ghearradh orthu ansin.**



B'ionann cúrsaí smachta i dteach na mbocht do chuid mhór de na bochtáin agus a bheith i bpríosún: rialacha dian a gcaití déanamh dá réir agus pionós géar mura ndéantaí. Bhí daoine arbh fhearr leo coir a dhéanamh agus a bheith curtha i bpríosún ná a bheith i dteach na mbocht.

## SMAOINIGH



1. An dóigh leatsa go raibh cúrsaí smachta i dteach na mbocht géar?
2. Tuige, i do thuairimse, an mbaintí úsáid as cúrsaí bia le pionós a ghearradh ar na bochtáin?
3. Cén pionós is dóigh leatsa ba ghéire agus ba dhéine, agus cén fáth an dóigh leat sin?
4. Tuige an roghnódh daoine an príosún chun tosaigh ar theach na mbocht?
5. Faigh amach céard a tharlaíonn do dhaltaí sa scoil ar a bhfuil tusa mura ndéanann siad de réir na rialacha.

"...ní dóigh linn gur féidir leo ó thaobh na moráltachta faoiseamh a thabhairt mar a theastódh ó na mílte a thagann go himpíoch lá i ndiaidh an lae ag teach na mbocht."

MAYO TELEGRAPH

"Lá an uafáis, an 10 Samhain, ligeadh 120 níos mó ná an gnáthlíon daoine isteach. Diúltaíodh cead isteach do na céadta de cheal spáis, agus rinneadh roinnt de na daoine míshásta sin a bhrú amach ar an mbóthar agus sna garraithe ... San Aontas seo, cailleadh 367 duine i dteach na mbocht; d'éag an máistir freisin'.

JAMES HACK TUKE



*Teach na mBocht Bhéal Átha na Sluaighe. Le caoincheadh Damian Mac Con Uladh*

# Bia

Bhíodh ocras i gcónaí ar Mary Fielding agus ar na leanaí eile mar nach mbíodh a ndóthain bia le fáil acu i dteach na mbocht.

**Thugtaí dhá bhéile sa lá dóibh, an bricfeasta agus an dinnéar, ach tharlaíodh laethanta freisin nach mbídís sin le fáil acu agus níor míníodh riamh dóibh cén chúis a bhí leis sin.**





Ceithre unsa aráin agus leathphionta bainne a bhíodh ar an mbricfeasta acu ag a hocht a chlog ar maidin. Uaireanta thugtaí brachán agus bainne dóibh ach ní bhíodh sé déanta go maith agus ba mhinic tor é gan lacht ar bith; bhíodh sé deacair ag na leanaí é a ithe. Nuair a bhíodh cúrsaí go dona, praiseach lom a thugtaí dóibh (leite lag uisciúil).



Bhíodh súil acu le dhá phunt fataí agus leathphionta bainne ar an dinnéar ach ba mhinic gur min bhuí a thugtaí dóibh in áit na bhfataí. Níl min bhuí oiriúnach dáiríre mar bhia do leanaí ó tharla go dteastaíonn a chur ar bogadh ar dtús agus a bhruith go mall sula mbíonn goile duine in ann chuige. Ba mhinic a d'fhulaing na leanaí pianta boilg dá bharr. Nuair a thugtaí anraith dóibh, ní raibh cothú ann dóibh ós beag a bhíodh ann seachas min agus uisce.

**Le caighdeán an bhainne agus a laghad de a bhí le fáil acu a bhain an deacracht ba mhó. Tá tábhacht le bainne d'fhorbairt an linbh ó tá próitéin agus vitimín A ann.**

Bhíodh Mary agus na leanaí eile seachtainí gan aon bhainne a fháil nó bhíodh uisce á chur tríd agus cailc freisin le cuma bhán a chur arís air. Ó tharla nach raibh cothú ina gcuid bia acu, bhí cuid mhór leanaí nár fhás mar ba chóir.

## SMAOINIGH

1. An dóigh leatsa go raibh a ndíol maireachtála de bhia á thabhairt do na bochtáin?
2. Déan comparáid idir a dtugtaí do leanaí ar a mbricfeasta agus a mbíonn acu sa lá atá inniu ann.
3. Cén fáth tábhacht chomh mór leis an mbainne in aiste bia an duine?
4. Céard a thugann seo le fios dúinn faoi chineál an bhainne a bhíodh á thabhairt do leanaí na mbochtán?
5. Faigh amach cén fáth a n-úsáidtear bia mar a bheadh cineál airm ann in aghaidh daoine le linn cogaíochta?




Níl san anraith "ach min agus uisce, gan piobar ná glasraí de chineál ar bith ann … agus molaim go láidir go gcuirtear sin leis le linn é a réiteach nó go n-éirítear as a dhéanamh go hiomlán."

LEABHAR MIONTUAIRISCÍ AONTAS DHLÍ NA MBOCHT INIS DÍOMÁIN

"Ba ríléir gurbh áiféiseach nach raibh de chumhacht, faoin dlí, ag an mBord Bardachta fóirithint, fiú amháin ábhar bia, a dhéanamh ar dhaoine i dteach na mbocht, ainneoin an teach féin a bheith lán agus ró-lán, agus tá dlí na hÉireann anois á thabhairt níos gaire do chóras Shasana, córas, tá a fhios ag Dia, atá sách dian agus sách géar cheana féin."

*ILLUSTRATED LONDON NEWS*, 1847



Pota ollmhór ón nGorta Mór, a bhí faighte gar do Loch Iascaigh, i gCo. Dhún na nGall. Foinse: Adobe Stock

# ’47 an Bhróin

Tháinig ardú mór tar éis na bliana 1847 ar líon na ndaoine fásta agus na leanaí ag dul isteach i dtithe na mbocht nuair a thosaigh na tiarnaí talún ag cur theaghlaigh amach as a gcuid feirmeacha nach raibh in acmhainn cíos a íoc.



Triúr póilíní ag faire ar dhíshealbhú: tabhair faoi deara an chaoi ar caitheadh an troscán amach as an teach. Le caoinchead Bhailiúchán Lawrence, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

I mí Meitheamh 1847, rith an rialtas clásal sa dlí ionas nach bhféadfaí as sin amach a mheas go raibh feirmeoir dearóil má bhí níos mó ná ceathrú acra san fheirm agus nach bhféadfadh feirmeoir den sórt sin cur isteach ar fhóirithint.

**Clásal an Cheathrú Acra a thugtaí air.**

Chuir an rialtas deireadh freisin leis na hOibreacha Poiblí a mbíodh teacht isteach uathu ag daoine bochta a bhí fágtha anois ar an ngannchuid. Idir 1847 agus 1852, cuireadh níos mó ná 250,000 amach as a gcuid tithe, fágadh gan dídean iad agus tharraing siad ar thithe na mbocht. Thug tuismitheoirí a gclann chuig teach na mbocht ar mhaithe le bia, foscadh agus éadach a bheith acu.



Ba mheasa cás na leanaí agus na ndaoine fásta de réir mar a chlis ar thithe na mbocht freastal ar na sluaite móra a bhí ag éileamh iad a ligean isteach. Cé go raibh an ghráin ag cuid mhór ar theach na mbocht, ní raibh an dara rogha acu.

**Bhí níos mó ná 261,000 duine i dtithe na mbocht lá áirithe i rith mhí an Mheithimh 1851.**

## SMAOINIGH

1. Cén fáth a dtugtar ''47 an Bhróin' ar an am seo i mBéarla?
2. Cén rogha a bhí ag teaghlaigh a cuireadh amach as a gcuid tithe?
3. Cén fáth ar thosaigh tiarnaí talún ag cur dhaoine amach as na feirmeacha sa bhliain 1847?
4. An dóigh leat gurbh áiteanna oiriúnacha iad tithe na mbocht ag teaghlaigh a díbríodh dá gcuid feirmeacha agus cén fáth?
5. Faigh amach céard a tharlaíonn do theaghlaigh a chaitheann imeacht as a n-áit cónaithe sa lá atá inniu ann.



"Ní raibh trócaire ar bith d'aon duine acu sin a bhí faoi léigear; bhí fear amháin in arraingeacha an bháis nuair a caitheadh amach é agus chuir an bás deireadh lena shaol cráite taobh istigh d'uair a chloig nó dhó amuigh faoin aer."

*MAYO TELEGRAPH*

"Ní mheasfar aon duine a bheidh i seilbh aon talún is mó ná ceathrú acra stáit mar dhuine dearóil, agus ní bheidh sé dleathach d'aon Bhord Bardachta fóirithint ar thabhairt ar dhuine den sórt sin laistigh nó lasmuigh de theach na mbocht."

**CLÁSAL AN CHEATHRÚ ACRA, 1847**





Ag geata Theach na mBocht. Creidiúint: Edward Duncan, maisitheoir le Illustrated London News, 1847

# Tithe cúnta (breise) na mbocht

Leis an ardú mór ar líon na ndaoine ag teacht isteach i dtithe na mbocht ón mbliain 1847 ar aghaidh, níorbh acmhainn dóibh freastal ar na sluaite agus diúltaíodh, i gcásanna áirithe, mná agus leanaí a ligean isteach. Tharla i gcásanna eile gur iarradh ar mháithreacha agus a gclann teach na mbocht a fhágáil.

Ní raibh aon réiteach ag na bardaigh ar an toradh a bhí ar an ardú mór ar líon na mbochtán a bhí á ligean isteach acu árais eile a thógáil ar cíos ina mbeadh dídean ag na mná agus go háirithe ag na leanaí. Tithe cúnta na mbocht a thugtaí ar árais den chineál sin, stórtha arbhair, stáblaí, grúdlanna nó foirgneamh ar bith eile a bhíodh ar fáil.

Ní raibh siad oiriúnach ar chor ar bith le cónaí a dhéanamh iontu, gan trácht ar dhídean a thabhairt do leanaí leochaileacha. Ní raibh sruth ceart aeir ag teacht isteach iontu, ní raibh foscadh le fáil ón mbáisteach agus, i gcásanna áirithe, fuadaíodh an díon díobh in aimsir stoirme. Ní bhíodh aon spás taobh istigh ná taobh amuigh de na hárais seo ina bhféadfadh leanaí spraoi a dhéanamh.



Chodlaíodh na leanaí sna hárais seo agus chuirtí go teach na mbocht ar maidin ansin iad ar scoil.

Ba mheasa an chaoi a bhíodh ar na tithe cúnta ná a bhí ar theach na mbocht féin. Chaith Mary Fielding tamall i gceann de na tithe breise i mBéal Átha na Sluaighe in éineacht le 400 cailín eile sular cuireadh chuig an teach na mbocht nua í i bPort Omna sa bhliain 1852.

**Bhí sí níos sona i bPort Omna, cé go raibh sin féin gruama, ná mar a bhíodh i dteach na mbocht cúnta. Bhí ceithre cinn déag de thithe breise na mbocht i mBéal Átha na Sluaighe.**

## SMAOINIGH

1. Cén fáth i do thuairim a dtugtaí 'teach na mbocht cúnta' ar na tithe breise seo?
2. Céard a thugtar le fios dúinn faoi chóras thithe na mbocht nuair a bhí gá le hárais breise a thógáil ar cíos?
3. Ón méid atá léite agat, an dóigh leat go raibh na tithe breise níos fearr ná gnáth-thithe na mbocht?
4. An ritheann cúiseanna leat gurb iad na mná agus na leanaí a cuireadh sna tithe breise seachas fir fhásta?
5. Scríobh tuairisc ar an saol a bhíodh ag daoine i dteach na mbocht cúnta.



"Níl rialtacht ag baint leis an soláthar móna; tarlaíonn laethanta go minic nach dtagann móin ar chor ar bith, rud a chiallaíonn go gcuirtear an bricfeasta ar atráth go dtí a haon nó a dó tráthnóna. Tharla Lá Caille nach raibh ag na bochtáin ach aon bhéile amháin agus sin mall sa lá. Deir an máistir go mbíonn airsean ligean do na bochtáin fanacht sa leaba ar mhaithe le cúrsaí teasa. Tá an t-ospidéal lán leis na seanfhir agus na leanaí cráite ag an ocras agus ag an bhfuacht. Bíonn sé deacair cónraí a fháil do na daoine a fhaigheann bás."

**PÁIPÉIR PARLAIMINTE, 1847**

"Ní fhaca mé riamh aon doinsiún, aon láthair coiriúlachta ná ainnise, in aon tír ar domhain, a chorraigh oiread bróin, diomú agus bá ionam – lagmhisneach nó éadóchas b'fhéidir."

**MRS JAMESON**



D'fhás go leor páistí bochta aníos in áiteanna an-iargúlta ar nós é seo; samhlaigh ansin an chaoi ar airigh siad in áit a bhí chomh plódaithe le teach na mbocht. Foinse: Stoc Adobe

# Obair i dTithe na mBocht




Bhí leagtha amach go ndéanadh daoine fásta obair i dteach na mbocht d'fhonn a gcothú ann a chúiteamh. Dá ainneoin sin, bhí srianadh ar chineál na hoibre mar ní fhéadfadh táirge ar bith as teach na mbocht a bheith in iomaíocht le gnó ar an taobh amuigh. Bhíodh ar na fir clocha a bhriseadh le casúir, obair thuirsiúil chloíte. Bhíodh feirmeacha ceangailte le roinnt de thithe na mbocht agus na fir ag obair ar ghlasraí a fhás do chistin an tí.

Chuirtí na mná ag obair i mbun glantacháin, ag réiteach agus ag dáileadh bia agus ag tabhairt aire do na leanaí.

Bhíodh brachán an bhricfeasta á réiteach i soithigh móra nach dtugtaí sciúradh ceart orthu sula réitítí anraith don lón iontu ina dhiaidh sin.

Ceannaíodh bró thochardach i gcuid de thithe na mbocht ionas go bhféadfaí grán a mheilt agus bhíodh na mná ocht n-uaire a chloig ag dul timpeall i bhfáinne á bhrú sin. Ba chloíte an obair sin.

Tríd is tríd, ní bhíodh dóthain oibre ann do na mná agus fágadh ar bheagán dóchais iad le leadrán an tsaoil gan aon cheo le déanamh ó d'éirigh siad ag a 7 ar maidin go dtéidís a chodladh ag a 8 tráthnóna. Lá fada díomhaoin.



## SMAOINIGH

1. Cén fáth, i do thuairimse, a mbítí ag súil go ndéanfadh na bochtáin obair i dteach na mbocht?
2. An ritheann cúiseanna leat nach gceadaítí do thithe na mbocht a bheith in iomaíocht le gnólachtaí taobh amuigh?
3. Cé na cúiseanna, i do thuairim, nach dtaitníodh leis na mná an bhró tochar dach a oibriú?
4. Tuige a mbíodh leanaí agus bochtáin eile bréan den saol i dteach na mbocht?
5. Scríobh cuntas dialainne faoi obair a dhéanamh i dteach na mbocht.




"Géarghá, den chuid is mó, a fuair an ceann is fearr ar chlaonadh láidir na ndaoine gan dul isteach i dtithe na mbocht, agus ó tharla sin bíonn siad lán go hiondúil anois; bhíodh claonadh na ndaoine in aghaidh theach na mbocht chomh docht daingean go raibh teach na mbocht tamall fada gan oiread agus bochtán amháin sásta dul isteach ann. Dá ainneoin sin, bhí an gorta chomh dona nuair a tháinig sé gur ghearr go raibh teach na mbocht lán, agus níos mó ann ná mar a bhí ceaptha ó thús."

JAMES HACK TUKE

"Ní mór aird an phobail a bheith ar chás na leanaí bochta i dtithe na mbocht, go leor acu ina ndílleachtaí mar gheall ar anachain na linne. Go dtí seo, is easnamhach an t-oideachas a cuireadh ar fáil i mórchuid thithe na mbocht. Is léir gur gá iarracht a dhéanamh na daoine óga i dteacht na mbocht a ullmhú do shaol ina mbíonn siad in ann teacht isteach a ghnóthú; mura ndéantar, ní bheidh siad réidh do ghné ar bith den saol nuair a fhágann siad teach na mbocht. B'fhéidir go mbeadh tairbhe mhór as oiliúint i gceird éigin mar chuid den chúrsa oideachais a leagtar síos do na leanaí seo."

JONATHAN PIM, 1848



Bean ag fáil bháis den ocras le linn an Ghorta Mhóir in Éirinn. Foinse: Illustrated London News, 1849


# An Scoil

D'fhreastalaíodh leanaí i dteach na mbocht scoil an tí agus bhíodh oideachas bunúsach á chur orthu. Bhí i gceist le Dlí na mBocht go mbeadh oideachas á chur ar gach leanbh, dá laghad é nó dá laige. D'fhágfadh sin gur fearr an seans go bhfaighidís obair ar theach na mbocht a fhágáil dóibh agus go mbeadh bun-scileanna acu maidir le léitheoireacht, scríobh agus áireamh.

Bhíodh na buachaillí agus na cailíní dealaithe ó chéile, i seomraí ranga faoi leith. De réir mar is mó leanaí a tháinig isteach i dtithe na mbocht, bhí líon mhór sna seomraí ranga agus ní raibh dóthain sclátaí ar fáil go bhféadfaidís an scríbh-neoireacht a chleachtadh. Chomh maith le dul ar scoil, chaitheadh na buachaillí agus na cailíní am le scileanna eile a fhoghlaim freisin. Chuirtí na cailíní chuig seomraí sníomhacháin agus fuála agus múineadh táilliúireacht, gréasaíocht agus siúinéireacht do na buachaillí.

**Bhí oideachas bunleibhéil ar fáil ag leanaí i dteach na mbocht agus b'fhe-arr sin ná mar a bheadh ar fáil taobh amuigh acu mar gheall ar an ngorta.**

Ní raibh pá mhaith á fháil ag na múinteoirí agus ba mhinic gur ghá an t-airgead lena aghaidh sin a bhailiú taobh amuigh. Bhí cuid mhór de na múinteoirí gan aon oiliúint orthu agus gan fáth lena bhfostú ach go raibh gaol nó cairdeas eatarthu féin agus Bardaigh Dhlí na mBocht. D'fhágadh múinteoirí teach na mbocht dá mbeadh post níos fearr á thairiscint dóibh agus ba mhinic go mbeadh múinteoirí éagsúla ag na daltaí in imeacht na bliana. Is fearr an pá a d'fhaigheadh máistir scoile ná máistreás. Bhí bunleibhéal oideachais ar fáil ag leanaí i dteach na mbocht agus b'fhearr sin ná mar a bheadh ar fáil taobh amuigh acu mar gheall ar an ngorta.



## SMAOINIGH



1. Cén fáth gur thábhachtach an rud oideachas bunúsach a chur ar na leanaí?
2. An bhfuil tú in ann smaoineamh ar chúiseanna a bheadh le buachaillí agus cailíní a dhealú óna chéile i seomraí ranga faoi leith?
3. Céard a thugtar le fios dúinn faoi na múinteoirí a d'oibríodh i dtithe na mbocht?
4. An mbíodh aon deacrachtaí le sárú ag na leanaí sa seomra ranga?
5. Cuir síos ar na difríochtaí idir a mbíodh sa seomra ranga ag daltaí i dteach na mbocht agus a bhfuil agatsa ar scoil sa lá atá inniu ann.

"Bheadh aon chóras teagaisc bunaithe ar an litearthacht amháin a chuirfí ar fáil do leanaí na mbochtán easnamhach ann féin; tá mórchuid na leanaí seo gann i gcaomhnú a gcuid tuismitheoirí."

**PÁIPÉIR PARLAIMINTE, 1847**

"Ní choinneodh" [an aiste bia] "i mo thuairimse na leanaí tréan folláin. Is é a mhalairt de scéal é, d'fhéadfadh sé an cholainn a fhágáil in anchaoi ionas gur furasta a thiocfadh galar ar na leanaí seo."

**DR W. TOWNSEND**



Seomra ranga i dteach na mbocht. Foinse: Adobe Stock

# Traenáil i dteach na mbocht

Ó bhíodh leanaí agus ógánaigh blianta fada i dteach na mbocht, bhíodh aois scoile caite acu agus chuirtí oiliúint orthu.

Tugadh gréasaithe, siúinéirí, muilleoirí agus bróidnéirí isteach le scileanna na ceirde a mhúineadh do na hógánaigh. Dá ainneoin sin, bhí iomarca daoine óga ann le hoiliúint a chur orthu agus bhí cuid mhór nár cuireadh faoi oiliúint ar chor ar bith.



Deirtí nár múineadh na scileanna tís ba bhunúsaí ná scileanna searbhóntaíochta do na cailíní agus, dá thoradh sin, nach mbídís in ann post a fháil taobh amuigh de theach na mbocht.

Bhí tithe áirithe de thithe na mbocht a d'fhéachadh le háit a aimsiú a bhféadfaí ógánaigh a sheoladh ann maidir le hobair. Sheoltaí buachaillí as teach na mbocht i mBéal Átha na Sluaighe chuig Cabhlach na Breataine nuair a thagaidís in aois fir, agus chuirtí tuilleadh chuig monarchana in Yorkshire a mbíodh aontaithe ag na húinéirí iad a fhostú sna muilte olla nó cadáis iontu.



Bhí súil ag Mary Fielding go gcuirfí oiliúint uirthi tar éis a cuid scolaíochta a chríochnú ionas go mbeadh post le fáil aici taobh amuigh de theach na mbocht.

## SMAOINIGH



1. Cén fáth a mba thábhachtach an rud ceird a mhúineadh do dhaoine óga i dteach na mbocht?
2. An ritheann cúiseanna ar bith leat go mbíodh drogall ar fhostóirí bochtáin óga as tithe na mbocht a fhostú?
3. Cad a thugtar le fios dúinn faoi mhná agus faoi leanaí i dteach na mbocht?
4. Cén chaoi a n-éireodh le leanaí agus le mná óga tar éis dóibh teach na mbocht a fhágáil?
5. Faigh amach cén chaoi a dtéann daltaí scoile na linne seo faoi oiliúint ar mhaithe le hobair agus cé na hábhair phraiticiúla a mhúintear ar scoil?

"Is fada an Rialtas, agus sinne freisin, den tuairim nach bhfuil aon ghné den chóras oideachais do na daoine bochta ar mó gá lena fheabhsú go tréan ná an teagasc a chuirtear ar leanaí na mbochtán i scoileanna thithe na mbocht."

**PÁIPÉIR PARLAIMINTE, 1847**

"Ní fhaigheann siad eolas ná cleachtadh ar aon chuid d'obair an tí; ní bhíonn le déanamh acu ach dul chuig an mbéile nó ar scoil; glacann siad lena dtugtar dóibh agus ní heol dóibh foinse an bhia, an modh cócaireachta ná an costas a bhaineann leis."

**PÁIPÉIR PARLAIMINTE, 1861**



# Cúrsaí Creidimh

Bhíodh cead ag daoine a gcreideamh féin a chleachtadh i dteach na mbocht, ach níor fhág sin nach mbíodh ceisteanna le réiteach. Bhíodh tuarastal á íoc le sagart Caitliceach agus le cléireach de chuid Eaglais na hÉireann a fostaíodh ina séiplínigh a bhreathnódh i ndiaidh chúrsaí creidimh do na bochtáin.

**Bhíodh seirbhísí ar siúl ar an Domhnach do na bochtáin ar mhian leo iad a fhreastal agus bhíodh seirbhísí adhlactha ar fáil freisin nuair a cailleadh bochtán.**

Bhíodh á rá go mbíodh daoine acu seo ag féachaint le tabhairt ar na bochtáin a gcreideamh a athrú agus tharraingíodh sin aighneas. Bhíodh trioblóid freisin ann nuair a thagadh dílleachtaí isteach i dteach na mbocht agus gan a fhios cén creideamh lenar bhain siad. Nuair nárbh eol cén creideamh lenar bhain dílleachta, thógtaí an leanbh sin le creideamh an Stáit, creideamh Protastúnach Eaglais na hÉireann. Ba mhinic go gcuireadh gaolta de chuid na leanaí ina choinne sin, á áiteamh gur baistíodh an leanbh sa chreideamh Caitliceach.



## SMAOINIGH



1. An ritheann cúiseanna leat a mbíodh tábhacht ag na bochtáin i dteach na mbocht le cúrsaí creidimh?
2. Arbh é an ceart é go socraíodh na bardaigh cén creideamh a bheadh ag dílleachtaí i dteach na mbocht?
3. Cén fáth a mbíodh lucht eaglaise ag iarraidh ar na bochtáin a gcreideamh a athrú?
4. Luaigh cúiseanna go mbíodh tuarastal á íoc le séiplínigh i dteach na mbocht.
5. Faigh amach céard atá i gceist le 'súpar' agus cén chaoi a dtagadh sin i gceist i dteach na mbocht?

"Is maith í mo chuimhne, agus is léanmhar, ar chuma an phríosúin ar an teach taobh istigh; na bardaí dorcha faoi ghlas, samhradh agus geimhreadh, ón 8 ar maidin go dtí an 8 tráthnóna; na soipeacháin tuí ar an urlár; an 'éide' uafásach a bhíodh ar na daoine i dteach na mbocht a chaitheamh."

THOMAS HARRINGTON

"Caitheann [an tAthair Seoirse Ó Síocháin] "an Satharn ag éisteacht faoistine agus an Domhnach ag léamh an Aifrinn agus i mbun an Teagasc Críostaí do na bochtáin agus caitheann sé uaireanta an chloig lá i ndiaidh an lae ag freastal orthu siúd atá breoite nó ag fáil bháis."

LEABHAR MIONTUAIRISCÍ AONTAS DHLÍ NA MBOCHT CHATHAIR CHORCAÍ



Dealbh ón tsraith "Arrival" i bPáirc na hÉireann, Baile Átha Cliath, le Rowan Gillespie. Foinse: yuplex - stock.adobe.com


# Toradh theach na mbocht ar na leanaí

Bhí saol crua géar i dteach na mbocht, go háirithe ag na leanaí. Bhí orthu déanamh de réir chuid mhór rialacha agus bhíodh ocras orthu i gcónaí.


B'fhada le roinnt mhór go dtiocfadh a gcuid tuismitheoirí agus go dtabharfaidís saor iad ón saol crua seo. Chuaigh meon na rialacha agus an diansmachta go mór i bhfeidhm ar na daoine óga ar feadh a saoil. Bhí cuid mhór acu nach ndéanadh caoineadh ó bhí aon mhisneach go mbeidís ar ais lena gcuid tuismitheoirí taobh amuigh de theach na mbocht caillte acu. Ní fhéadfadh sin tarlú i gcás roinnt mhaith acu ó bhí na tuismitheoirí marbh nó i gcás nach bhféadfaidís a theacht agus na daoine óga a thabhairt leo.

D'fhág sin na leanaí i lagbhrí, gan aon ábhar dóchais. Thugadh cuairteoirí i dtithe na mbocht faoi deara go raibh na leanaí faoi bhrú agus faoi imní, iad ina dtost sna suanliosanna, cuma leamh ar na súile acu. Glún leanaí iad seo nár chleacht gnáthbhlianta na hóige agus ar beag ábhar misnigh a bhí acu maidir leis an saol a bheadh rompu. Níor tharla blianta soineanta na hóige ina saol acu agus bhí sé deacair acu teacht slán ar chor ar bith i dteach na mbocht.

**An chuid a chaith blianta fada i dteach na mbocht, bhí sé deacair acu gnáthshaol a chaitheamh nuair a tháinig siad amach ar deireadh thiar.**



## SMAOINIGH




1. Cén fáth nach ndéanadh na leanaí caoineadh níos mó?
2. Cén tuiscint atá le baint as an gcuma leamh ar na súile ag leanaí?
3. Cén fáth, i do thuairimse, a raibh sé deacair ag leanaí dul i gcleachtadh ar an saol taobh amuigh de theacht na mbocht nuair a d'fhág siad é?
4. Cén saol is dóigh leatsa a bheith ina ghnáthshaol?
5. Tá tú tar éis cuairt a thabhairt ar theach na mbocht; scríobh cuntas gairid ar an gcuma ina bhfaca tú na leanaí taobh istigh.

"Bhí siad díbheo gan mhothú ina suí ansin, ar nós cuma liom faoi aon ní a bhí ag tarlú ina dtimpeall; buí ina n-éadan roinnt acu, dorcha roinnt eile, faoi mar a bheadh an cholainn ag lobhadh cheana féin sular tháinig an bás ar chor ar bith."

**R. GOGGINS**

"Is gearr go raibh teach na mbocht i nDroichead na Bandan lán le daoine ocracha breoite. Bhí siad ag fáil bháis ina scórtha. ... ba mhinic go ndéanfadh an béile a thugtaí dóibh roinnt acu tinn mar gheall go raibh an bolg chomh lag, ó thréimhse fada ina dtroscadh, gurbh ionann bia crua agus nimh dóibh."

**SÉAMUS RIORDAN**



Profíl ó chlé de "The Orphan" ón tsraith "Arrival' i bPáirc na hÉireann, Baile Átha Cliath, le Rowan Gillespie.
Foinse: eugen - stock.adobe.com com

# Leanaí agus Eisimirce

Is beag ábhar dóchais a bhain leis an saol taobh amuigh de theach na mbocht do leanaí de leithéid Mary Fielding, cé go mbíodh siad ag tnúth leis an am a bhféadfaidís an áit a fhágáil. Ba chasadh eile sa scéal go raibh cuid mhór de na mná agus de na leanaí seal chomh fada i dteach na mbocht go mbeadh an gnáthshaol taobh amuigh deacair acu faoin tráth seo. Bhí imní ar na bardaigh go mbeidís ina n-ualach go fadtéarmach ar an gcóras agus bhain costas £5 sa bhliain le bochtán a choinneáil i dteach na mbocht.

**Bhí deis ag roinnt cailíní óga teach na mbocht a fhágáil idir 1848 agus 1850 nuair a bhí údaráis na hAstráile sásta costas taistil grúpa go dtí an chóilíneacht a íoc.**

Bhí call le searbhóntaí ansin agus le cailíní a phósfadh na fir a bhí i gcoilíní na hAstráile cheana féin. Ba é máistir theach na mbocht a roghnaíodh na cailíní a thiocfadh faoi agallamh ag an gcigire a roghnaíodh na cailíní a dtabharfaí paisinéireacht dóibh.



Dílleachtaí idir ceithre bliana déag agus ocht mbliana déag na cailíní a bhí á lorg. Cuireadh 53 chailín as teach na mbocht i mBéal Átha na Sluaighe anonn agus 57 as Tuaim. Bhí cailíní áirithe a shocraigh nach bhfágfaidís Éire agus cuireadh cailíní eile ina n-áit. Cuireadh cailíní eile go Ceanada, áit a raibh searbhóntaí á lorg.

**B'ábhar díomá ag Mary Fielding nach raibh sí sách sean le dul anonn.**

## SMAOINIGH

1. An ritheann na cúiseanna leat a mbíodh fonn ar dhaoine óga i dteach na mbocht dul ar imirce?
2. Cén fáth a mbíodh na bardaigh ag iarraidh go ndéanfadh na cailíní óga imirce?
3. Cén fáth a roghnódh na bardaigh freisin go bhfágfadh na cailíní a bhí níos mó ná ocht mbliana déag?
4. Cén tuiscint atá le baint as an méid daoine a d'fhág teach na mbocht i mBéal Átha na Sluaighe agus i dTuaim agus a chuaigh anonn chuig an Astráil?




**Scríobh an cuntas dialainne a d'fhéadfadh a bheith scríofa ag Mary Fielding faoin na cailíní a roghnaíodh le dul go dtí an Astráil.**

'Tuairiscítear i bpáipéar Dé Luain seo caite rúin a rith bardaigh Aontas Chill Rois, lena n-áitítear ar an rialtas scéim leitheadach eisimirce a leagan amach agus a chur i bhfeidhm d'fhonn droch-chás na hÉireann a leigheas. ... Tuige an fonn seo daoine dá gcomhluadar féin a ghlanadh as a n-amharc?

*MORNING CHRONICLE*, 1846

"Dá réir sin, is é tuairim na mbardach gur ríthábhachtach don Aontas deis chomh maith leis seo a thapú agus an oiread seo de na bochtáin a chur chun bealaigh atá i dteach na mbocht le trí bliana agus arb é is cinnte go leanfaidís de bheith ina n-ualach ar na rátaí."

BORD BARDACHTA LEITIR CEANAINN, 1850




Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir i Muraisc, Co. Mhaigh Eo, le John Behan. Tugtar The Coffin Ship / An Long Bháis air freisin.

# Tinneas i dteach na mbocht



Bhíodh na leanaí brúite in áit chúng agus ba mhinic iad lag tanaí cheana féin ag teacht isteach i dteach na mbocht dóibh. Ní fada go mbíodh galair éagsúla ar na leanaí agus iad ag fulaingt. Tharla galair a thógáil freisin nuair a athraíodh leanaí ó phríomhtheach na mbocht, mar a raibh an tífeas (fiabhras ballach) agus an bhuinneach an-choitianta, go dtí tithe na mbocht cúnta. Ó tharla nach mbíodh torthaí ná fataí á dtabhairt do na leanaí, bhí trioblóid le scorbach freisin.




**Míola a scaipeann tífeas agus bhíodh baill éadaigh á dtabhairt do leanaí a bhíodh ar dhaoine eile a fuair bás; nuair nach nití an t-éadach sin, scaip an galar. Tháinig galair eile ar na leanaí freisin, dinnireacht (a mbíodh an bhuinneach go dona dá bharr), an bruitíneach, an calar agus oftailme a ghoilleadh ar amharc na súl agus, nuair nach dtugtaí aon aire mar gheall air, a d'fhágadh daoine dall go hiomlán.**

Idir na blianta 1849 agus 1853, tháinig oftailme ar 95,000 leanbh i dtithe na mbocht, galar a cheanglaítear le bochtanas, plódú, easpa cothaithe, fuacht agus fliuchán agus easpa éadaigh leapa. Nuair a bhíodh ceathrar leanaí ag codladh in aon leaba, gan dóthain éadaigh orthu, scaip an galar go tréan.







Bia a mbeadh cothú maith ann an leigheas ar chuid mhór de na galair, ach ní raibh sin ar fáil i dtithe na mbocht, go háirithe ag na leanaí.

Chonaic Mary Fielding go leor dá cuid cairde ag fulaingt ó na galair seo agus iad á dtabhairt chuig an otharlann i dteach na mbocht. Tháinig roinnt acu slán, níor tháinig cuid mhór eile.

## SMAOINIGH

1. Cén fáth ar mó an seans go dtiocfadh galar ar leanbh i dteach na mbocht?
2. Cé na galair i do thuairimse ba chúis le bás an líon is mó leanaí; agus cén fáth?
3. Faigh amach cén chóir leighis a chuirtear sa lá atá inniu ann ar an duine ar a bhfuil tífeas?
4. Cén fáth ar galar tromchúiseach oftailme i gcás leanaí?
5. Cé na galair is mó a bhfulaingíonn daoine, leanaí san áireamh, uathu sa lá atá inniu ann? Faigh amach cén chóir leighis a chuirtear ar dhaoine ina leith.




"Tá gach seomra chomh plódaithe nach féidir na heasláin a dhealú ó na daoine atá folláin … tá leathchéad brúite isteach i seomra a bheadh róchúng ag fiche duine … táthar chomh gann sin ar éadach leapa gur minic gur gá ceathrar nó cúigear a chur in aon leaba amháin … chonacthas scór go leith leanbh ag fulaingt ó ghalar i dtrí cinn de leapacha."

BORD BARDACHTA MHAINISTIR FHEAR MAÍ

"A dhaoine uaisle, is oth linn a fhógairt go bhfuil lorg á fhágáil ag calar Áiseach de chineál an-urchóideach ar theach na mbocht. Chuathas ag plé den chéad uair le ceithre cinn de chásanna ag a 7 ar maidin."

LEABHAR MIONTUAIRISCÍ AONTAS DHLÍ NA MBOCHT CHATHAIR CHORCAÍ



The Famine in Bofin, *Our Boys in Ireland*, le French, Henry Willard. Foinse: Leabharlann na Breataine

# Bás i dteach na mbocht

Fuair níos mó ná milliún duine bás i rith an Ghorta Mhóir agus ba leanaí cuid mhór den 250,000 duine a fuair bás i dteach na mbocht. Bhí daoine in anchaoi ag teacht isteach i dteach na mbocht, iad ag súil go mbeadh bia agus cógas leighis ar fáil ansin a choinneodh beo iad, ach is iomaí duine a fuair bás laethanta beaga tar éis iad a ligean isteach. Bhí roinnt a tháinig chuig teach na mbocht le súil go mbeadh a gcorp i gcónra á chur i dtalamh tar éis dóibh bás a fháil. Mar a tharla, bhí oiread daoine á gcailleadh gur iomaí corp a adhlacadh gan aon chónra. Tharlaíodh freisin beirt leanbh a chur in aon chónra amháin nuair a adhlactaí sa reilig iad le taobh theach na mbocht.

**Bhíodh 'cónra shleamhnáin' freisin ann: d'osclaíodh tóin na cónra go scaoiltí an corp san uaigh. D'fhéadfaí an chónra sin a úsáid arís agus arís eile.**

Bhí áiteanna áirithe nach raibh figiúirí cruinne á bhfógairt ag na bardaigh maidir le líon na ndaoine a d'éag, imní orthu go gcuirfeadh sé fearg ar na daoine. Ba mhinic nach gcuirtí in iúl do thuismitheoirí gur cailleadh duine dá gclann agus gurb é an chaoi a gcloiseadh siad an drochscéal ó dhuine eile de na bochtáin.



## SMAOINIGH



1. Cé na cúiseanna a bhíodh ag daoine le teacht chuig teach na mbocht sula bhfaighidís bás?
2. An dóigh leat go raibh daoine á fhágáil rómhall sular tháinig siad go dtí teach na mbocht; agus cén fáth sin?
3. Cén tuiscint atá le baint as líon na ndaoine a fuair bás i dtithe na mbocht?
4. Cén fhianaise atá le fáil go mbíodh tithe na mbocht faoi bhrú nuair a fuair bochtáin bás?
5. I bhfianaise líon na ndaoine, go háirithe leanaí, a fuair bás, an mba chríonna an rud ag daoine dul isteach i dteach na mbocht?

"An lá dár gcinn, thugamar cuairt ar theach na mbocht, ina raibh 1,162 duine. Bhí sé in anchaoi maidir le fiabhras agus dinnireacht, tuairiscíodh 200 duine ar a laghad a bheith breoite. Bhí daoine ag fáil bháis go tréan, beagnach fiche duine sa tseachtain."

JAMES HACK TUKE

"Bhí brocamas ann, é chomh dona agus nár chóir gur ann a thabharfaí aon duine breoite. Bhí an t-urlár gan glanadh ná níochán, na ballaí dorcha faoi shúiche. Ní mba léir aon chúram á dhéanamh d'aer a ligean isteach sa seomra: ní raibh seift ar bith ar bun a chinnteodh sruth aeir mar ba chóir sa seomra."

AN FEISIRE O'BRIEN



# Saol na leanaí tar éis teacht amach as teach na mbocht

Faoin mbliain 1855, bhí ísliú ar líon na mbochtán i dtithe na mbocht de réir mar a thosaigh feabhas ag teacht ar chúrsaí talmhaíochta agus mar a bhí na fataí saor ón dúchan. Bhí obair le déanamh anois ar fheirmeacha agus glaoch ar shaothraithe talmhaíochta. Níor tháinig ísliú chomh tréan céanna ar líon na leanaí i dtithe na mbocht agus bhí 76,724 leanbh fós ina n-áitritheoirí i mí Aibreán 1851. Bhí sin íslithe go dtí 11,511 faoin mbliain 1859.

Bhí leanaí áirithe ar ais in éineacht lena gcuid tuismitheoirí a d'fhág an tír ag lorg oibre i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus a bhí in acmhainn faoin tráth seo airgead paisinéireachta a sheoladh ar ais ionas go bhféadfadh a gclann mhac agus iníon dul anonn. Bhí leanaí eile in ann obair a fháil ag saothrú ar fheirmeacha nó ar aimsir i dtithe na bhfeirmeoirí. Thug sin deis dóibh airgead a shábháil ionas go bhféadfaidís Éire a fhágáil agus dul thar sáile san áit a raibh cairde nó gaolta dá gcuid. Bhí d'ábhar dóchais ag tuilleadh go dtiocfadh sa saol go bpósfaidís agus go mbeadh clann orthu. Chinnteoidís nach mbeadh ar aon duine dá gclann féin dul isteach i dteach na mbocht agus an cruatan a fhulaingt a bhí fulaingthe acu féin.


Páirc Chuimhneacháin Long an Ghorta Mhóir i gcathair na Gaillimhe. Creidmheas: Bolyarska, Eli



D'fhág Mary Fielding teach na mbocht i bPort Omna agus fuair post ina cailín tí le feirmeoir mór i gceantar Phort Omna. Cé nach raibh saol réidh aici i mBéal Átha na Sluaighe ná i bPort Omna, choinnigh tithe na mbocht ón mbás le hocras í.

## SMAOINIGH

1. Cén fáth, i do thuairimse, ar faide gur tháinig ísliú ar líon na leanaí i dtithe na mbocht, ná ar líon na ndaoine fásta, de réir mar a bhí deireadh ag teacht leis an nGorta Mór?
2. Cén chaoi, i do thuairimse, a ndeachaigh iad a ligean amach as teach na mbocht i bhfeidhm ar leanaí?
3. Cén chaoi, i do thuairimse, ar bhraith leanaí nuair a tuigeadh dóibh go mbeadh siad in éineacht lena gcuid tuismitheoirí arís?
4. An bhfuil tú in ann smaoineamh ar chúiseanna a mbeadh fonn ar leanaí dul go Meiriceá Thuaidh tar éis a bheith i dteach na mbocht?
5. Scríobh alt faoinar bhraith ógánach fásta tar éis teach na mbocht a fhágáil.



"In aois 16 bliana d'aois. I dTeach na mBocht le naoi mbliana; ina dílleachta; fuair a hathair, saighdiúir, bás deich mbliana ó shin agus chuaigh an bhaintreach, le cúigear clainne, tuairim is bliain ina dhiaidh sin go dtí an tAontas agus fuair sí bás tar éis ceithre bliana den mhíshláinte a fhulaingt, ní heol di cá bhfuil beirt den chlann; tá deartháir agus deirfiúr léi fós san Aontas."

*IRISH QUARTERLY REVIEW*, 1859



Bochtáin ar bord loinge ag dul ar imirce, a dtír dhúchais, Éire, ag imeacht as radharc.
Creidmheas: Edward Duncan, maisitheoir a bhí ag obair don Illustrated London News, 1849

# TASCANNA

**1. Scríobh leathanach faoi lá a chaith duine óg de leithéid Mary Fielding i dteach na mbocht; pléigh na gnéithe a bheidh le tabhairt san áireamh sa rang roimh ré leis na daltaí eile agus leis an múinteoir. Úsáid na habairtí a leanas le tús a chur leis an bplé:**

- Dhúisigh mé ar maidin agus...
- Nuair a glaodh an rolla, bhí muid...
- Inniu, is éard a bhí againn don bhricfeasta ...
- D'fhoghlaim mé ar scoil...
- Ba é an rud is fearr a tharla inniu...
- Tá súil agam anocht go...

**2. Déan roinnt taighde nó bíodh plé sa rang faoin saol a bhíodh ag duine óg i dteach na mbocht agus cuir idir 8 agus 10 gcinn d'abairtí i mbéal Mary, mar a d'fhreagródh sise na ceisteanna seo a leanas:**

- Cén chaoi a gcuireadh duine óg an lá thart i dteach na mbocht?
- Cén chaoi a mbeadh an lá ag duine óg ón am a n-éiríodh sé ar maidin go dtéadh sé a chodladh tráthnóna?
- Cé na deacrachtaí a bhíodh roimh an duine óg i dteach na mbocht?
- Cé chaoi a mbraitheadh an duine óg faoin saol a bhí le caitheamh i dteach na mbocht?
- An mbíodh an duine óg sona am ar bith?
- Cén chaoi a réitíodh an duine óg leis na leanaí eile i dteach na mbocht?
- Cén t-ábhar cainte a shamhlaíonn tú a bhíodh idir na daoine óga?
- An mbíodh na leanaí ag smaoineamh faoi dhaoine eile?
- Cé na hócáidí is mó a d'airíodh na leanaí uathu agus is mó a chuireadh uaigneas orthu?

# Tráth na gCeist

**1. Cén bhliain ar osclaíodh teach na mbocht i bPort Omna?**

a) 1852

b) 1842

c) 1862

d) 1838 **FREAGRA:**

**2. Mar gheall ar Chlásal an Cheathrú Acra, bhí ar theaghlach a raibh níos mó ná ceathrú :**

a) Dul ar imirce

b) Dul chun na hAstráile

c) Déanamh gan fóirithint

d) Glacadh le fóirithint bhreise **FREAGRA:**

**3. Is é an cur síos is fearr ar bhrachán:**

a) Leite a dhéantar as coirce

b) Anraith

c) Cáis

d) Arán **FREAGRA:**

**4. Is minic a d'itheadh leanaí i dteach na mbocht:**

a) Meascán torthaí

b) Pasta

c) Sicín agus glasraí

d) Arán, bainne, fataí nó praiseach **FREAGRA:**

**5. I dteach na mbocht, bhíodh teaghlaigh:**

a) Le chéile i rith an lae

b) Le chéile i gcónaí

c) Á ndealú de réir aoise agus sin amháin

d) Á ndealú (fir, mná, buachaillí, cailíní) **FREAGRA:**

**6. B'ionann 'bardach' agus:**

a) Sagart

b) Dochtúir

c) Duine a toghadh chun córas theach na mbocht a rith

d) Múinteoir **FREAGRA:**

**7. D'fhéadfadh go bhfoghlaimeodh cailín i dteach na mbocht:**

a) Pluiméireacht

b) Longthógáil

c) Mianadóireacht

d) Fuáil/Sníomhachán/Cúram Tí. **FREAGRA:**

**8. Galar coitianta a ghoilleadh ar na súile ag leanaí:**

a) An deilgneach

b) An leicneach

c) Oftailme

d) An fliú **FREAGRA:**

**9. Ar cheann de na cúiseanna le hardú ar líon na ndaoine i dteach na mbocht tar éis na**

a) Fómhar níos fearr

b) Dúnadh scoileanna

c) Bia saor in aisce ag an uile dhuine

d) Daoine a chur amach as a gcuid tithe **FREAGRA:**

**10. An t-ainm a bhíodh ar theach na mbocht breise:**

a) Stór

b) Urtheach

c) Ospidéal

d) Teach na mbocht cúnta **FREAGRA:**

# Teach na mBocht Phort Omna

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| M | E | O | Í | T | N | P | O | R | T | O | M | N | A | B |
| N | C | U | D | H | N | A | Á | B | T | G | B | C | P | P |
| Á | C | H | C | C | U | P | H | R | I | T | S | I | Á | M |
| H | B | Á | D | O | H | Í | A | C | Í | Á | B | Á | Á | O |
| C | B | G | H | B | B | U | H | E | Ú | L | P | E | M | U |
| A | D | O | Á | M | L | U | C | Ó | F | D | D | Á | Á | Á |
| R | Í | R | G | A | N | D | A | U | Ú | C | T | Á | N | B |
| B | É | T | G | N | S | Ó | L | U | P | R | M | Á | B | R |
| Á | R | A | N | H | L | H | A | F | Ú | Ú | T | H | A | C |
| Á | L | T | S | C | M | R | I | N | L | H | É | C | R | D |
| T | P | F | M | A | E | S | R | P | C | B | Ó | C | D | U |
| Á | M | M | Ú | E | N | É | S | O | Á | R | C | C | A | I |
| S | Ú | Ó | C | T | B | Ú | B | L | Í | Á | Ó | R | C | L |
| S | É | I | P | L | Í | N | E | A | C | H | Ú | O | H | Ó |
| N | A | R | N | F | É | A | T | Á | L | C | S | D | S | B |

## Focail le cuardach

Dúchan
Gorta
Séiplíneach
Bardach
Mátrún
Máistir
Bochtán
Rialacha
Port Omna
Scláta
Teach na mBocht
Brachán

# Sceitseáil tráthchlár bhlianta an Ghorta Mhóir

**Marcáil iad seo ar líne chothrománach agus cuir lipéad leo:**

| | |
|---|---|
| 1838: | Tugadh Dlí na mBocht isteach in Éirinn (plean do thithe na mbocht) |
| 1841 – 1842: | Osclaíodh tithe na mbocht den chéad uair i gContae na Gaillimhe (an Gort, Béal Átha na Sluaighe, 1842) |
| 1845 – 1846: | Dúchan agus clis na mbarr ar fud na tíre |
| 1847: | Deireadh le hOibreacha Poiblí; Clásal an Cheathrú Acra; borradh faoi theaghlaigh a chur amach as tithe ('47 an Bhróin) |
| 1848 – 1849: | Scéim do Chailíní Dílleachta, osclaíodh tithe na mbocht cúnta (breise) |
| 1850: | Socraíodh teach na mbocht a oscailt i bPort Omna |
| 1852: | Osclaíodh teach na mbocht i bPort Omna (áit do 500 duine) |

**Cuir dhá rud eile as an leabhrán leis an tráthchlár agus marcáil iad le comhartha beag.**

**- Bain úsáid as ábhar athchúrsála nó as Lego chun samhail simplí theach na mbocht a leagan amach.**

**- Cruthaigh póstaer leis an teideal 'An Saol i dTeach na mBocht i bPort Omna'. Bíodh léaráidí, fíricí agus sleachta aithrise san áireamh.**

**- Déan fiosrú faoi ghorta in áit eile ar an domhan sa lá atá inniu ann agus faigh amach cén chúis atá leis. Cén cúnamh atá an chuid eile den domhan a thabhairt? Cén cúnamh a fhéadann sinne a thabhairt?**

# Gluais

**Éalú:** imeacht gan cead fágála.

**British Relief Association:** eagraíocht a cuireadh ar bun i Londain d'fhonn cuidiú le daoine in Éirinn a bhí ag fáil bháis den ocras.

**Pionós corpartha:** foréigean a imirt ar dhaoine ar mhaithe lena smachtú.

**Suanliosanna:** seomraí móra fairsinge ina gcodlaíodh na daoine.

**Míonna an ocrais:** míonna nuair nach mbíodh fataí ar fáil – Bealtaine, Meitheamh, Iúil.

**Min bhuí:** arbhar Indiach.

**Áitritheoirí:** daoine a chónaigh i dteach na mbocht.

**Tiarna Talún:** úinéir talún a ligeadh gabháltais le feirmeoirí.

**Giúistísí:** breithiúna cúirte.

**Cothú:** na gnéithe den bhia agus den deoch a chaitheann an duine a chuireann le sláinte na colainne.

**An Chúirt Ghearr:** cúirteanna na linne ina mbíodh daoine ar a dtriail os comhair giúistís.

**Bochtáin:** daoine a' chuaigh ina gcónaí i dtithe na mbocht ionas go ndéanfar fóirithint orthu.

**Acht Dhlí na mBocht (Éire):** acht dlí trínar cinntíodh fóirithint ar dhaoine a bhí bocht dearóil in Éirinn.

**Bardaigh Dhlí na mBocht:** daoine a toghadh chun Acht Dhlí na mBocht a chur i bhfeidhm i gceantar áirithe.

**Aontas Dhlí na mBocht:** ceann de 130 ceantar ina raibh rialacháin Dhlí na mBocht, teach na mbocht san áireamh, á gcur i bhfeidhm.

**Clásal an Cheathrú Acra:** an clásal sa dlí a chuir cosc ar fhóirithint ar dhaoine ag a raibh feirm ina raibh achar níos mó ná ceathrú acra.

**Rátaí:** cáin a bhí le híoc ag úinéirí talún ionas go mbeadh cistí ar fáil do theach na mbocht.

**Lucht íoctha rátaí:** daoine a raibh áitreabh acu agus a d'íocadh cáin ionas go mbeadh ciste ar fáil do theach na mbocht.

**Braighdeanas aonair:** duine a choinneáil i gcillín as féin gan mórán comhluadair.

**Súpar:** duine a thugadh amach anraith, mar a bheadh ina ghníomh carthanachta ach go mbítí ag tnúth go n-athródh an té a fuair an t-anraith ón eaglais Chaitliceach go hEaglais na hÉireann nó duine a d'athraigh creideamh mar gheall ar bhia (anraith) a fháil.

**Brachán:** leite á dhéanamh trí choirce a bhruith in uisce fiuchta.